COMHAIRLE CONTAE AN CHLÁIR
CLARE COUNTY COUNCIL

# FOIRM FÓGRA ATÁ LE FOILSIÚ DE BHUN ALT 51(3)(A) D'ACHT NA MBÓITHRE, 1993 (ARNA LEASÚ), I NDÁIL LE HIARRATAS AR FHORBAIRT BHÓTHAIR BHEARTAITHE A CHEADÚ AGUS LE TUARASCÁIL AR MHEASÚNACHT TIONCHAIR TIMPEALLACHTA (EIAR) AGUS RÁITEAS TIONCHAIR NATURA (NIS) A THÍOLACADH

## COMHAIRLE CONTAE AN CHLÁIR

## GLASBHEALACH IARNRÓD IARTHAR AN CHLÁIR – CUID 1: CILL ROIS GO CILL CHAOI

1. Rinne Comhairle Contae an Chláir ("an t-údarás bóithre") iarratas faoi alt 51(2) d'Acht na mBóithre, 1993 (arna leasú), chuig an gCoimisiún Pleanála ('an Coimisiún') ar cheadú i ndáil le forbairt bhóthair bheartaithe a bhfuil an teideal thuas uirthi agus arb é a bheidh inti:

   Bealach coisithe agus rothar agus oibreacha coimhdeacha agus iarmhartacha gaolmhara a bheidh thar thart ar 15.2 km agus a rachaidh i bhfeidhm ar achar iomlán talún is ionann agus thart ar 27.3 ha idir baile Chill Rois ar an taobh thoir agus baile Chill Chaoi ar an taobh thiar trí shráidbhaile Mhaigh Sheasta. Tógfar an fhorbairt bhóthair bheartaithe laistigh de bhailte fearainn Chill Rois, Léid Mhóir Thiar, Cheathrú an Chalaidh Theas, Cheathrú an Chalaidh Thuaidh, Mhaigh Sheasta, an Bháin Mhóir, an Gharráin, Lios Duibhinn, agus Dhuimhche sna cúig Thoghroinn arb éard iad Cill Rois Uirbeach, Cill Rois Tuaithe, Eidhneach, Cill Fhiarach, agus Cill Chaoi. Leanfaidh sí bealach iar-Iarnród Iarthar an Chláir go ginearálta, agus í ag athrú chuspóir an iarbhonneagair iarnróid agus ag dul ar atreo timpeall teorainneacha maoine i gcásanna áirithe. Soláthrófar cinn chonaire a mbeidh áiteanna páirceála do charranna agus saoráidí coimhdeacha acu i gCill Rois agus i Maigh Sheasta. Soláthrófar fálta teorann agus sciatha feadh an bhealaigh.

   Léirítear ar an léarscáil a ghabhann leis seo suíomh na forbartha bóthair beartaithe.

   Chuir Comhairle Contae an Chláir Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta (EIAR) a ullmhaíodh de bhun alt 50 d'Acht na mBóithre, 1993 (arna leasú), faoi bhráid an Choimisiúin i leith na forbartha bóthair beartaithe.

   Ullmhaíodh Ráiteas Tionchair Natura (NIS) freisin agus tíolacadh don Choimisiún é i ndáil leis an bhforbairt bhóthair bheartaithe faoi Chuid XAB den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú), chun críocha Airteagal 6(3) den Treoir um Ghnáthóga.

2. Féadfar doiciméid an iarratais, lena n-áirítear cóip den Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta (EIAR) agus/nó den Ráiteas Tionchair Natura (NIS), a iniúchadh sna láithreacha seo a leanas:
   a. Oifigí Chomhairle Contae an Chláir, Áras Contae an Chláir, Bóthar Nua, Leifear, Inis, Contae an Chláir, V95 DXP2
   b. Leabharlann Chill Rois, Sráid Mhic Gormáin, Cill Rois, Contae an Chláir, V15 W577,
   c. Leabharlann Chuimhneacháin Mhic Shuibhne, Cultúrlann Mhic Shuibhne, Sráid Uí Chonaill, Cill Chaoi, Contae an Chláir, V15 P960
   d. Oifigí an Choimisiúin Pleanála, 64 Sráid Mhaoilbhríde, Baile Átha Cliath 1, D01 V902

   ar laethanta oibre le linn gnáthuaireanta oscailte ag gach ionad go dtí an 30 Meán Fómhair 2026.

3. Féadfar cóip den Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta (EIAR) (nó cuid/codanna di) agus den Ráiteas Tionchair Natura (NIS) a cheannach ó Chomhairle Contae an Chláir ag Áras Contae an Chláir, Bóthar Nua, Leifear, Inis, Contae an Chláir, V95 DXP2, ar na táillí seo a leanas a íoc:

   | | |
   |---|---|
   | Imleabhar 1 den EIAR: Achoimre Neamhtheicniúil | €15 |
   | Imleabhar 2 den EIAR: An Príomhthéacs | €150 |
   | Imleabhar 3 den EIAR: Figiúirí EIAR | €200 |
   | Imleabhar 4 den EIAR: Aguisíní EIAR | €150 |
   | Ráiteas Tionchair Natura (NIS) | €90 |

   le linn na tréimhse agus na n-amanna atá sonraithe i mír 2 thuas. Féadfar doiciméid an iarratais, lena n-áirítear an Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta (EIAR) agus/nó an Ráiteas Tionchair Natura (NIS), a iniúchadh freisin ag www.westclarerailwaygreenway.ie agus féadfar amharc orthu freisin ar an suíomh Gréasáin seo a leanas ag https://www.pleanala.ie/en-ie/home.

4. I ndáil le hiarratas ar cheadú faoi alt 51 d'Acht na mBóithre, 1993 (arna leasú), féadfaidh an Coimisiún, le hordú, an fhorbairt bhóthair bheartaithe a cheadú, fara nó d'éagmais modhnuithe agus faoi réir coinníollacha agus/nó srianta comhshaoil (lena n-áirítear coinníollacha maidir le bearta faireacháin, paraiméadair a bhfuil faireachán le déanamh orthu, agus fad an fhaireacháin) is cuí leis, nó féadfaidh sé diúltú forbairt den sórt sin a cheadú.

5. Le hOrdachán ón gCoimisiún, rinneadh an tréimhse le haghaidh Aighneachtaí agus Tuairimí a dhéanamh agus a chur in iúl i scríbhinn chuig an gCoimisiún Pleanála ag 64 Sráid Mhaoilbhríde, Baile Átha Cliath 1, D01 V902,
   - i ndáil leis na héifeachtaí is dóigh a bheidh ag an bhforbairt bhóthair bheartaithe ar an gcomhshaol;
   - i ndáil le himpleachtaí na forbartha bóthair beartaithe do phleanáil chuí agus forbairt inchothaithe sa limistéar ina mbeartaítear an fhorbairt bhóthair bheartaithe a shuíomh; agus
   - i ndáil leis na héifeachtaí suntasacha is dóigh a bheidh ag an bhforbairt bhóthair bheartaithe ar láithreáin Eorpacha,

   a fhadú go dtí an **30 Meán Fómhair 2026.**

   Ní foláir táille €50 a bheith ag gabháil le haon aighneachtaí/tuairimí. Ní bheidh feidhm ag an táille sin maidir le comhlachtaí forordaithe áirithe, lena n-áirítear iad sin atá sonraithe in alt 51(3)(b) d'Acht na mBóithre, 1993 (arna leasú), ná maidir le húinéirí maoine agus daoine eile a bhfuil leas dlíthiúil acu i dtalamh agus atá ag agóid i gcoinne fáil éigeantach talún a bhfuil leas den sórt sin acu ann i gcás fála éigeantaí.

   Is féidir aighneachtaí a bhfuil táille ag gabháil leo a dhéanamh tríd an bpost (chuig: An Coimisiún Pleanála, 64 Sráid Mhaoilbhríde, Baile Átha Cliath 1, D01 V902), go pearsanta, agus trí thairseach aighneachta ar líne an Choimisiúin ag https://online.pleanala.ie/en-ie/sid/observation


   Maidir le haighneachtaí nach bhfuil táille ag teastáil ina leith, mar atá leagtha amach thuas, is féidir iad a dhéanamh tríd an bpost, go pearsanta, agus trí ríomhphost chuig laps@pleanala.ie. Is féidir tuilleadh faisnéise ina leith sin a fháil ón gCoimisiún Pleanála ar 01 8588100 nó ó shuíomh Gréasáin an Choimisiúin Pleanála ag www.pleanala.ie

Féadfaidh duine bailíocht aon chinnidh ón gCoimisiún Pleanála ar fhorbairt bhóthair bheartaithe a cheistiú trí bhíthin iarratas a dhéanamh ar athbhreithniú breithiúnach faoi Rialacha na nUaschúirteanna (agus go háirithe Ordú 84 de Rialacha na nUaschúirteanna atá in I.R. Uimh. 15 de 1986, arna leasú) agus de réir ailt 50, 50A agus 50B den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú). Is féidir tuilleadh faisnéise a fháil ón gCoimisiún Pleanála maidir leis an nós imeachta um athbhreithniú breithiúnach, agus is féidir faisnéis a rochtain freisin ar shuíomh Gréasáin an Choimisiúin Pleanála: https://www.pleanala.ie/en-ie/judicial-review-notice

Ordú Ceannaigh Éigeantaigh, a mbaineann an fhorbairt bheartaithe leis, rinne Comhairle Contae an Chláir é agus cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin Pleanála é faoi chumhdach ar leith.

**Dátaithe an 14 Lúnasa 2026.**

**John Corry,**
**Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach,**
**Comhairle Contae an Chláir.**



COMHAIRLE CONTAE AN CHLÁIR
CLARE COUNTY COUNCIL

# FORM OF NOTICE TO BE PUBLISHED PURSUANT TO SECTION 51(3)(A) OF THE ROADS ACT, 1993 (AS AMENDED) IN RELATION TO AN APPLICATION FOR APPROVAL OF A PROPOSED ROAD DEVELOPMENT AND THE SUBMISSION OF AN ENVIRONMENTAL IMPACT ASSESSMENT REPORT (EIAR) AND NATURA IMPACT STATEMENT (NIS)

## CLARE COUNTY COUNCIL

## WEST CLARE RAILWAY GREENWAY – SECTION 1: KILRUSH TO KILKEE

1. Clare County Council ("the road authority") has applied under section 51(2) of the Roads Act, 1993 (as amended) to An Coimisiún Pleanála ('the Commission') for approval in relation to a proposed road development titled as above and consisting of:

   A pedestrian and cycle route and associated ancillary and consequential works over approx. 15.2km and affecting a total land area of approx. 27.3ha between the towns of Kilrush to the east and Kilkee to the west via the village of Moyasta. The proposed road development will be constructed within the townlands of Kilrush, Leadmore West, Carrowncalla South, Carrowncalla North, Moyasta, Baunmore, Gaurraun, Lisdeen and Dough across the five Electoral Divisions (ED) of Kilrush Urban, Kilrush Rural, Einagh, Kilfearagh and Kilkee. It will generally follow the route of the former West Clare Railway repurposing the former railway infrastructure, diverting around property boundaries in certain instances. Trailheads with car parking and ancillary facilities will be provided at Kilrush and Moyasta. Boundary fencing and screening will be provided along the route.

   The location of the proposed road development is illustrated in the accompanying map.

   Clare County Council has submitted to the Commission an Environmental Impact Assessment Report (EIAR) prepared pursuant to section 50 of the Roads Act, 1993 (as amended) in respect of the proposed road development.

   A Natura Impact Statement (NIS) has also been prepared and has been submitted to the Commission in respect of the proposed road development under Part XAB of the Planning and Development Act, 2000 (as amended) for the purposes of Article 6[3] of the Habitats Directive.

2. The application documents including a copy of the Environmental Impact Assessment Report (EIAR) and the Natura Impact Statement (NIS) may be inspected at:

   a. The offices of Clare County Council, Áras Contae an Chláir, New Road, Lifford, Ennis, County Clare, V95 DXP2

   b. Kilrush Library, O'Gorman Street, Kilrush, County Clare, V15 W577,

   c. Sweeney Memorial Library, Cultúrlann Sweeney, O'Connell Street, Kilkee, County Clare, V15 P960

   d. The offices of An Coimisiúin Pleanála, 64 Marlborough Street, Dublin 1, D01 V902

   on working days during normal opening hours at each venue up to 30th September 2026.

3. A copy of the Environmental Impact Assessment Report (EIAR) (or part(s) thereof) and the Natura Impact Statement (NIS) may be purchased from Clare County Council at Áras Contae an Chláir, New Road, Lifford, Ennis, County Clare, V95 DXP2, on payment of a fee of:

| | |
|---|---|
| EIAR Volume 1 Non-Technical Summary | €15 |
| EIAR Volume 2 Main Text | €150 |
| EIAR Volume 3 EIAR Figures | €200 |
| EIAR Volume 4 EIAR Appendices | €150 |
| Natura Impact Statement (NIS) | €90 |

   during the period and times specified at paragraph 2 above. The application documents including the Environmental Impact Assessment Report (EIAR) and the Natura Impact Statement (NIS) may also be inspected at www.westclarerailwaygreenway.ie and may also be viewed from the following website at https://www.pleanala.ie/en-ie/home.

4. The Commission may, in relation to an application for approval under section 51 of the Roads Act, 1993 (as amended), by order, approve the proposed road development, with or without modifications and subject to environmental conditions and/or restrictions (including conditions regarding monitoring measures, parameters to be monitored and the duration of monitoring) it considers appropriate, or may refuse to approve such development.

5. By Direction of the Commission, the period for Submissions and Observations to be made in writing to An Coimisiún Pleanála at 64 Marlborough Street, Dublin 1, D01 V902 in relation to:

   - the likely effects on the environment of the proposed road development;
   - the implications of the proposed road development for proper planning and sustainable development in the area in which it is proposed to situate the proposed road development; and
   - the likely significant effects of the proposed road development on European sites,

   has been extended to **30th September 2026.**

   Any submissions/observations must be accompanied by a fee of €50. This fee will not apply to certain prescribed bodies, including those specified in section 51(3)(b) of the Roads Act, 1993 (as amended), or to property owners and others with a legal interest in land who are objecting to compulsory acquisition of land in which they have such an interest in a compulsory acquisition case.

   Submissions with a fee can be made via post (to: An Coimisiún Pleanála at 64 Marlborough Street, Dublin 1, D01 V902), in person and via the Commission's online submission portal https://online.pleanala.ie/en-ie/sid/observation

   Submissions where, as set out above, a fee is not required can be made via post, in person, and via email to laps@pleanala.ie. Further information in this regard may be obtained from An Coimisiún Pleanála on 01 8588100 or from the website of Coimisiún Pleanála at www.pleanala.ie

A person may question the validity of any decision by An Coimisiún Pleanála on a proposed road development by way of an application for judicial review under the Rules of the Superior Courts (and in particular Order 84 of the Rules of the Superior Courts contained in S.I. No. 15 of 1986 as amended) and in accordance with Sections 50, 50A and 50B of the Planning and Development Act, 2000 (as amended). Further information can be obtained from An Coimisiún Pleanála in respect of the judicial review procedure and information can also be accessed on An Coimisiún Pleanála website: https://www.pleanala.ie/en-ie/judicial-review-notice

A Compulsory Purchase Order, to which the proposed development relates, has been made by Clare County Council and has been submitted to An Coimisiún Pleanála under separate cover.

**Dated the 14 August 2026.**

**John Corry, Senior Executive Officer,**
**Clare County Council.**

